

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1425 ÓN gCOIMISIÚN****an 31 Lúnasa 2021****maidir le húdarú crágaigh mangainéise de lísín agus aigéid ghlútamaigh mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta i leith an t-údarú sin a dheonú.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach maidir le húdarú crágaigh mangainéise de lísín agus aigéid ghlútamaigh. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas.
- (3) Baineann an t-iarratas le húdarú ullmhóid crágaigh mangainéise de lísín agus aigéid ghlútamaigh mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, breiseán atá le haicmiú i gcatagóir na mbreiseán “breiseáin chothaitheacha” agus san fheidhmghrúpa “comhdhúile de riandúile”.
- (4) Chinn an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) ina thuairimí an 10 Eanáir 2020 <sup>(2)</sup> agus 27 Eanáir 2021 <sup>(3)</sup> nach bhfuil tionchar díobhálach ag crágach mangainéise de lísín agus aigéid ghlútamaigh ar shláinte ainmhithe, ar shábháilteacht an tomhaltóra ná ar an gcomhshaol faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Chinn an tÚdarás go bhfuil riosca d’úsáideoirí ag baint leis an mbreiseán a láimhseáil, riosca a bhaineann leis an mbreiseán a ionanálú agus gur cheart a mheas gur greannaitheoir súl agus gur íogróir craicinn agus riospráide atá ann. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe maidir le húsáideoirí an bhreiseáin. Chinn an tÚdarás go bhfuil an breiseán éifeachtúil le haghaidh sicíní lena ramhrú; is féidir an cinneadh seo a leathnú chuig gach speiceas ainmhíoch eile. Ní mheasann an tÚdarás go bhfuil gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh. D’fhíoraigh sé freisin an tuarascáil ar an modh a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar an mbreiseán beathaithe arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (5) Léiríonn an measúnú ar chrágach mangainéise de lísín agus aigéid ghlútamaigh, go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na hullmhóide sin a údarú faoi mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An ullmhóid a shonraítear san Iarscríbhinn, ullmhóid a bhaineann leis an gcatagóir “breiseáin chothaitheacha” agus leis an bhfeidhmghrúpa “comhdhúile de riandúile”, údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

<sup>(1)</sup> IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

<sup>(2)</sup> EFSA Journal [Iris EFSA] 2020;18(2):6001.

<sup>(3)</sup> EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(3):6454.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 31 Lúnasa 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
						Cion dúile (Mn) i mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			

**Catagóir: breiseáin chothaitheacha**  
**Feidhmghrúpa: comhdhúile de riandúile**

3b509	-	Crágach mangainéise de lísín agus aigéad glútamach	<p><i>Comhdhéanamh an bhreiseáin:</i>  Ullmhóid crágach mangainéise le lísín agus crágaigh mangainéise le haigéad glútamach i gcóimheas 1:1 i bhfoirm phúdrach le cion mangainéise idir 15 % agus 17 %, cion lísín idir 20 % agus 21,5 %, cion aigéid ghlútamaigh idir 22 % agus 24 %, uaschion taise 3,5 % agus uaschion nicile 4 ppm.</p> <p><i>Saintréithriú na substaintí gníomhacha:</i>  Foirmle ceimiceacha:  Aigéad mangainéis-2,6-dé-aimíniheacsánóch, clóiríd agus salann sulfáite hidrigine:  <math>C_6H_{19}ClN_2O_8SMn</math>  Aigéad mangainéis-2-aimínipeantáindé-óch, sóidiam agus salann sulfáite hidrigine:</p>	Gach speiceas ainmhíoch	-	-	Éisc: 100 (iomlán) Speicis eile: 150 (iomlán)	<ol style="list-style-type: none"> <li>Déanfar an breiseán a ionchorprú in ábhar beatha i bhfoirm réamh-mheascáin.</li> <li>Maidir le húsáideoirí na mbreiseán agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile, go háirithe i ngeall ar chion na miotal trom lena n-áirítear nicil. Igcás nach féidir rioscaí a laghdú go dtí leibhéal atá inghlactha leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfean an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta iomchuí, lena n-áirítear cosaint do na súile, don chraiceann agus don análú.</li> </ol>	An 21 Meán Fómhair 2031
-------	---	--	---	-------------------------	---	---	--	--	-------------------------

			<p><math>C_5H_{10}NNaO_9SMn</math></p> <p><i>Modhanna anailíse (*):</i></p> <p>Maidir leis an mangainéis iomlán atá sa bhreiseán beathaithe agus sna réamh-mheascáin a chainníochtú:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— Speictriméadracht Ionsú Adamhaigh, AAS (EN ISO 6869); nó</li> <li>— Plasma Cúpláilte go hlonduchtach <ul style="list-style-type: none"> <li>– Speictriméadracht Astaíochta Adamhaí, ICP-AES (EN 1 5510); nó</li> </ul> </li> <li>— Plasma Cúpláilte go hlonduchtach <ul style="list-style-type: none"> <li>– Speictriméadracht Astaíochta Adamhaí tar éis díleá faoi bhrú, ICP-AES (EN 1 5621);</li> </ul> </li> </ul> <p>Maidir leis an mangainéis iomlán in ábhair bheatha agus i mbeatha cumaisc a chainníochtú:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— Speictriméadracht Astaíochta Adamhaí, AAS (Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún, Iarscríbhinn IV-C); nó</li> <li>— Speictriméadracht Ionsú Adamhaigh, AAS (EN ISO 6869); nó</li> <li>— Plasma Cúpláilte go hlonduchtach <ul style="list-style-type: none"> <li>– Speictriméadracht Astaíochta Adamhaí, ICP-AES (EN 1 5510); nó</li> </ul> </li> <li>— Plasma Cúpláilte go hlonduchtach <ul style="list-style-type: none"> <li>– Speictriméadracht Astaíochta Adamhaí tar éis díleá faoi bhrú, ICP-AES (EN 1 5621).</li> </ul> </li> </ul> <p>Maidir le cion lísín agus aigéid ghlútamaigh atá sa bhreiseán beathaithe a chainníochtú:</p>					
--	--	--	---	--	--	--	--	--

		<ul style="list-style-type: none"> <li>— crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath fótaiméadrach (IEC-VIS)</li> </ul> <p>Maidir le struchtúr crágtha an bhreiseáin bheathaithe a chruthú:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— speictriméadracht meán-infridh-earg in éindí le cion riandúile agus lísín agus aigéid ghlútamaigh atá sa bhreiseán bheathaithe a chinneadh</li> </ul>						
--	--	---	--	--	--	--	--	--

(\*) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: <https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports>